C/2023/100

6.10.2023

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

lena gcuirtear i láthair nuashonrú 2023 ar an bplean cur chun feidhme ilbhliantúil maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí a bhunú

(C/2023/100)

1. ***Cúlra***

Tá an Rialachán maidir le timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe) ([1]) bunaithe ar an líonra atá ann cheana d'ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta (IIMN) ([2]), agus bunaítear leis timpeallacht choiteann idir-inoibritheach maidir le longa faisnéis a thuairisciú do dhaoine ar an gcladach le linn cuaird ar chalafort.

Leis an Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún tacar sonraí caighdeánaithe a shainiú lena gcumhdófar na hoibleagáidí tuairiscithe ar fad, agus comhéadain agus seirbhísí coiteanna a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh na IIMNanna. Beidh feidhm aige ón 15 Lúnasa 2025 ar aghaidh.

Le hAirteagal 19 de Rialachán EMSWe, ceanglaítear ar an gCoimisiún plean cur chun feidhme ilbhliantúil (MIP) a ghlacadh agus é a athbhreithniú uair sa bhliain tar éis comhairliúcháin iomchuí le saineolaithe náisiúnta.

Is é is cuspóir don phlean ná cur chun feidhme tráthúil an Rialacháin a éascú agus sásraí agus nósanna imeachta rialaithe cáilíochta a chur ar fáil chun na gnéithe comhchuibhithe coiteanna de EMSWe a imscaradh, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta. Forbraíodh agus glacadh an chéad leagan den doiciméad seo in 2021 ([3]).


2. ***Ailtireacht TF EMSWe***

Is timpeallacht dhíláraithe é EMSWe atá bunaithe ar líonra d'ionaid ilfhreastail mhuirí náisiúnta. Soláthraíonn gach ceann díobh sin modúl comhéadain comhchuibhithe maidir le tuairisciú (RIM) le haghaidh cumarsáid 'córas go córas', agus comhéadan grafach úsáideora (GUI) le haghaidh cumarsáid 'úsáideoir go córas'.

Déantar an timpeallacht a chomhlánú le seirbhísí coiteanna amhail clárlann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe (URAM), bunachair sonraí choiteanna agus seirbhís choiteann seolacháin (CAS).

([1]) Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).
([2]) Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/1239.
([3]) Teachtaireacht 2021/C 299/03 ón gCoimisiún.

Ailtireacht ardleibhéil EMSWe timpeall ar ionad ilfhreastail náisiúnta muirí amháin



Léiríonn an fíor thuas ailtireacht ardleibhéil EMSWe ó pheirspictíocht Ballstáit, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí an IIMN le dearbhóirí, soláthraithe seirbhíse sonraí agus córais údaráis na mBallstát.

Liostaítear na comhpháirteanna thíos:

Eilimint	Cur síos	Airteagail
1	Ionad Ilfhreastail Mhuirí Náisiúnta (IIMN)	Airteagal 2(3)
2	Comhéadan grafach úsáideora (GUI)	Airteagail 2(9), 6(4)
3	Modúl comhéadain comhchuibhithe maidir le tuairisciú(RIM)	Airteagail 2(4), 6(1)
4	Clárlann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe (URAM)	Airteagal 12(1), (2), (3)
5	Seirbhís choiteann seolacháin (CAS)	Airteagal 2(10)
6	Bunachar sonraí long EMSWe (ESD)	Airteagal 14
7	Bunachar sonraí comhchoiteann suíomhanna (CLD)	Airteagal 15
8	Bunachar sonraí comhchoiteann um ábhair ghuaiseacha (CHD)	Airteagal 16
9	Bunachar sonraí comhchoiteann maidir le sláintíocht long (SSD)	Airteagal 17
10	SafeSeaNet (córas náisiúnta SSN agus lárchóras SSN)	Airteagal 8(4)

3. ***Reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh***

I gcomhréir leis na cumhachtaí tarmligthe a thugtar le Rialachán EMSWe, ghlac an Coimisiún **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205** ([4]), lena ndéantar:

— an Iarscríbhinn a ghabhann leis an EMSWe Rialachán a leasú, arb Iarscríbhinn í ina liostaítear na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann faoi reachtaíocht an Aontais, faoin reachtaíocht idirnáisiúnta agus faoin reachtaíocht náisiúnta;

— an EMSWe Rialachán a fhorlíonadh trí thacar sonraí EMSWe a bhunú, ar tacar é ina gcuimsítear breis agus 1 100 eilimint sonraí a éilítear faoi na hoibleagáidí tuairiscithe.

Meastar go dtiocfaidh gníomhartha tarmligthe eile ar an bhfód in 2024 (roimh dháta cur i bhfeidhm an EMSWe Rialacháin) nuair a leasófar an Iarscríbhinn agus/nó an tacar sonraí.

Le Rialachán EMSWe, tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún sonraíochtaí a leagan síos maidir le gnéithe comhchuibhithe de na IIMNanna agus leis na seirbhísí coiteanna atá ann faoi EMSWe. Chuige sin, ghlac an Coimisiún **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204** ([5]), rialachán ina bhfuil an chéad tacar de shonraíochtaí agus rialacha maidir leis na gnéithe comhchuibhithe de na IIMNanna agus le trí bhunachar sonraí coiteanna faoi EMSWe. Glacfar **gníomhartha cur chun feidhme** ([6]) eile in 2023 agus 2024, lena gcríochnófar an tacar sonraíochtaí.

Maidir leis na sonraíochtaí i ndáil leis an modúl comhéadain maidir le tuairisciú, chun na sonraíochtaí sin a chomhlánú, tá an Coimisiún, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), ag ullmhú **treoir um chur chun feidhme teachtaireachtaí (MIG)** ina ndéantar cur síos ar na malartuithe teachtaireachtaí idir na dearbhóirí agus na IIMNanna tríd an modúl i ndáil le comhéadan tuairiscithe. Cuimsítear inti freisin na teachtaireachtaí freagartha i dtaca le hadmhálacha agus cinntí ó na húdaráis tar éis na foirmiúlachtaí a bheith curtha isteach. **Meastar go n-eiseofar an chéad leagan cobhsaí de MIG faoi dheireadh 2023.**

Ina theannta sin, le hAirteagal 8 de Rialachán EMSWe tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún liosta a leagan síos d'fhaisnéis ábhartha a chaithfear a athúsáid agus a chur ar fáil le linn cuaird ar chalafort ina dhiaidh sin. A luaithe a bheidh na sonraí sin sainithe, féadfar na nithe seo a leanas a nuashonrú – SafeSeaNet, maille lena chuid sásraí malartaithe sonraí agus a chomhéadan malartaithe sonraí, lena n-áirítear na bearta slándála is gá, mar aon leis an doiciméadacht ábhartha ([7]).

4. ***Straitéis um dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara***

Ceanglaítear ar an gCoimisiún tabhairt faoi chomhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, i gcomhréir leis na prionsabail i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Agus reachtaíocht thánaisteach á hullmhú ag an gCoimisiún, ba cheart dó a áirithiú go rachfar i gcomhairle le saineolaithe agus comhphobal gnó na mBallstát ar bhealach trédhearcach, tamall maith roimh ré.

Chun an reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus chun a áirithiú go bhforbrófar TF ar bhealach comhtháite trédhearcach, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát (comhordaitheoirí náisiúnta EMSWe agus na saineolaithe dar thug siad cuireadh). Ós rud é go gcumhdaítear roinnt foirmiúlachtaí custaim dul isteach/imeachta le Rialachán EMSWe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle, i gcás inar gá, leis na grúpaí saineolaithe custaim, amhail an Grúpa um Chomhordú Leictreonach Custaim agus/nó an Grúpa Gnó Custaim (atá á mbainistiú ag AS TAXUD). Féadfar cruinnithe comhpháirteacha leis na grúpaí saineolaithe custaim a eagrú chun na críche sin.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/205 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1239 a mhéid a bhaineann le tacar sonraí na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis (IO L 33, 3.2.2023, lch. 24).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh na timpeallachta Eorpaí Ionaid Ilfhreastail Mhuirí de bhun Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 33, 3.2.2023, lch. 1).

([6]) Forálacha a eascraíonn as Airteagail 6(1), 8(5), 12(4), 13(2), 17(3) de Rialachán EMSWe.

([7]) Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil leasuithe ar an *Interface and Functionalities Control Document* [Doiciméad maidir le Rialú Comhéadain agus Feidhmiúlachtaí] (IFCD) agus ar *SafeSeaNet XML messaging reference guide* [Treoir tagartha SafeSeaNet maidir le cur teachtaireachtaí XML] a fhormheas i gcomhréir leis na cúraimí i bpointe 2.2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2002/59/CE.

Chun a áirithiú go mbeidh idirnascadh agus idir-inoibritheacht leanúnach ann idir EMSWe agus córas an Aontais um malartú faisnéise muirí (SafeSeaNet), oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Rialú an Chórais Dhigitigh Mhuirí agus Seirbhísí Digiteacha Muirí (HLSG).

Áiritheoidh an Coimisiún freisin go nglacfaidh comhlachais tionscal páirt sna grúpaí saineolaithe mar bhreathnóirí.

5. ***Amchlár maidir le comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna a fhorbairt agus a thástáil***

Modúl comhéadain maidir le tuairisciú (RIM)

I **mí Lúnasa 2022**, agus an Coimisiún ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, d'eisigh sé an chéad leagan den **mhodúl comhéadain maidir le tuairisciú** mar tháirge inmharthana íosta (chun críocha tástála tosaigh), táirge dar príomhfheidhmiúlacht an chumarsáid 'córas go córas'.

Eiseofar leaganacha nua de RIM, ina gcuimseofar feidhmiúlachtaí eile sa chaoi go gcomhlíonfar go hiomlán an gníomh dlíthiúil ina bhfuil sonraíochtaí RIM, gníomh atá le glacadh go fóill in 2023. An doiciméadacht ar fad a chaithfear a chomhtháthú in IIMNanna náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear an straitéis um chruthú leaganacha de RIM i gcomhair na leaganacha éagsúla de RIM, déanfar an doiciméadacht sin a scaipeadh ar na Ballstáit.

Tá coinne leis na Ballstáit leagan cobhsaí de RIM **a chomhtháthú** ina IIMN a luaithe a eiseofar é. Chuige sin, tá coinne leis an gCoimisiún agus na Ballstáit **tástálacha teicniúla** a dhéanamh chun feidhmiú RIM a fhíorú. Déanfaidh na Ballstáit tástálacha chun córais tionscail a nascadh le RIM ar mhaithe lena áirithiú go bhféadfaidh na córais chéanna na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh trí RIM san IIMN lena mbaineann siad.

Déanfaidh na Ballstáit tástálacha agus an comhtháthú is gá maidir le húdaráis eile lena mbaineann agus le córais an Choimisiúin freisin, chun an fhaisnéis ghaolmhar a mhalartú. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht leordhóthanach ar fáil do na comhordaitheoirí náisiúnta le linn shuiteáil agus chumrú RIM agus déanfaidh sé na tástálacha comhréireachta agus glactha is gá i gcomhar le gach Ballstát. Is é **18 mí**, ó R1 2024 ar aghaidh, fad measta chomhtháthú theicniúil RIM sna IIMNanna agus na dtástálacha ina leith, lena n-áirítear tástáil leis na dearbhóirí.

Clárlann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana EMSWe (URAM)

Tá clárlann coiteann úsáideoirí agus córas bainistíochta rochtana á gcruthú agus á gcur ar fáil ag an gCoimisiún. Éascóidh sé sin fíordheimhniú seoltóirí (dearbhóirí agus soláthraithe seirbhíse sonraí) a nascann leis an modúl comhéadain maidir le tuairisciú. Maidir le fíordheimhniú trasteorann dearbhóirí ar mian leo rochtain a fháil ar IIMNanna trína gcomhéadan grafach úsáideora, tá an Coimisiún ag smaoineamh ar chreat eIDAS atá ann cheana a úsáid ([8]).

Na sonraíochtaí maidir leis an gclárlann úsáideoirí agus leis an gcóras bainistíochta rochtana, glacfar iad in éineacht leis na sonraíochtaí maidir le RIM. Na seirbhísí URAM a chomhlíonann na sonraíochtaí sin, tá sé beartaithe iad a fhorbairt sa chaoi go mbeidh siad féin agus leagan cobhsaí de RIM ullamh i dteannta a chéile (2023). Fágfaidh sé sin go bhféadfaidh timthriall iomlán tástála a bheith ann maille le comhtháthú iomlán ó thaobh naisc agus idirghníomhaíochtaí idir RIM an IIMN agus seirbhísí URAM.

Seirbhís choiteann seolacháin (CAS)

Na sonraíochtaí maidir le CAS a cheanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán EMSWe, de réir an sceidil atá ann tá sé i gceist iad a ghlacadh faoi R3 2024. Tá sé beartaithe tús a chur le forbairt na sonraíochtaí i gcomhar leis na grúpaí saineolaithe in 2023. Measfar go gcuirfear tús le forbairt na seirbhíse seo tar éis an RIM a fhorbairt, agus go dtabharfar chun críche í roimh dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin. A luaithe a ghlacfar na sonraíochtaí, leagfaidh an Coimisiún sceideal amach maidir le CAS a chomhtháthú sa timpeallacht tuairiscithe fhoriomlán.

([8]) https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj

Bunachair sonraí

Glacadh na sonraíochtaí maidir le Bunachar Sonraí Long EMSWe, leis an mBunachar Sonraí Comhchoiteann Suíomhanna, agus leis an mBunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha agus Rialachán (AE) 2023/204 á chur chun feidhme. Agus é i ndlúthchomhar le EMSA, tá an Coimisiún ag obair ar Bhunachar Sonraí Long EMSWe a fhorbairt, sin agus an Bunachar Sonraí Comhchoiteann Suíomhanna, agus an Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha. Ar na nithe a bheith i gceist le cur chun feidhme teicniúil na mbunachar sonraí sin, beidh an obair ar an tacar sonraí tagartha agus ar na treoracha maidir le comhéadan córais (SIG) i ndáil le gach bunachar sonraí, agus, ina dhiaidh sin, forbairt theicniúil agus comhtháthú leis na Ballstáit. Meastar go mbeidh na trí bhunachar sonraí sin forbartha agus ullamh le haghaidh a dtástála ag na Ballstáit sa dara leath de 2024.

Cur chun feidhme an Bhunachair Sonraí maidir le Sláintíocht Long, is rud é a bheartófar tar éis sonraíochtaí a shainiú, rud a cheanglaítear le hAirteagal 17(3) de Rialachán EMSWe, ag céim níos faide anonn den chur chun feidhme.

Amchlár mionsonraithe

Comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna	Bonnlíne								
	2023			2024				2025	
	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2
Modúl Comhéadain maidir le Tuairisciú (RIM)									
Eisiúint leagain de RIM lena mbainfidh bailíochtú seoltóra									
Teachtaireachtaí foirmiúlachta MIG									
Teachtaireachtaí freagra MIG									
Eisiúint leagain de RIM lena mbainfidh bailíochtú comhréire ([9])									
Comhtháthú agus tástáil ag na Ballstáit ([10])									
URAM									
Treoracha d'úsáideoirí maidir le seirbhísí URAM									
Seirbhís bhailíochtúcháin 'córas go córas' URAM									
Clárlann lárnach seoltóirí									
Aistriú agus comhtháthú leis na Ballstáit le haghaidh RIM[7]									
Seirbhís chomhchoiteann seolacháin (CAS)									
Forbairt sonraíochtaí									
Forbairt agus tástáil (comhtháthú le RIM)									
Bunachar sonraí long EMSWe (ESD)									
Tacar sonraí tagartha agus SIG									
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh									
Comhtháthú le córais na mBallstát									
Tástálacha coimisiúnaithe									
Bunachar Sonraí Comhchoiteann Suíomhanna (CLD)									
Tacar sonraí tagartha agus SIG									
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh									

([9]) Leagan de RIM a chomhlíonfaidh sonraíochtaí RIM go hiomlán.
([10]) Ní bheidh seirbhísí lárnacha URAM ar fáil ach amháin i dtástálacha inghlacthachta le linn an chomhtháthaithe le RIM na mBallstát.

Comhpháirteanna agus seirbhísí coiteanna	Bonnlíne								
	2023			2024				2025	
	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2
Comhtháthú le córais na mBallstát									
Tástálacha coimisiúnaithe									
Bunachar Sonraí Comhchoiteann um Ábhair Ghuaiseacha (CHD)									
Tacar sonraí tagartha agus SIG									
Forbairt bunachair sonraí lárnaigh									
Comhtháthú le córais na mBallstát									
Tástálacha coimisiúnaithe									
Bunachar Sonraí maidir le Sláintíocht Long (SSD) ([11])									
Forbairt sonraíochtaí									

6. ***An Rialachán a chur i bhfeidhm***

Ó dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin ar aghaidh, gach faisnéis is gá chun na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh, is trí thacar sonraí EMSWe, agus i gcomhréir leis an tacar sin, a chuirfear ar fáil í. Cuirfidh gach Ballstát deasc chabhrach ar fáil d'úsáideoirí IIMN sa chéad 12 mhí (ón 15 Lúnasa 2025), sin agus suíomh gréasáin tacaíochta ar líne maidir lena IIMN, agus beidh struchtúr an tsuímh sin ag teacht leis an sainmhíniú a thugtar in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/204.

San iomlán, meastar gur 18 mí ar a laghad a mhairfidh an cur chun feidhme náisiúnta, tástáil san áireamh. De réir an sceidil atá ann, tá sé i gceist na leaganacha de RIM agus seirbhísí URAM a eisiúint faoi dheireadh 2023, agus nuair a bheidh sin déanta, féadfaidh na Ballstáit agus lucht tionscail tús a chur lena gcion siúd den chur i bhfeidhm agus le tástálacha iomchuí. An idirthréimhse sin, ar cuid di tástáil comhréireachta le húdaráis eile agus le lucht tionscail, meastar go leanfaidh sí ar aghaidh in 2024 agus in 2025, agus nach mbeidh na seirbhísí lárnacha ag feidhmiú go dtí ina dhiaidh sin.

Mar sin féin, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar stádas an chur chun feidhme agus ar staid na himeartha ó thaobh dul chun cinn de. Ag tús 2024, déanfaidh sé athmheastóireacht, más cuí, ar indéantacht an phlean agus déanfaidh sé tograí a thíolacadh i gcomhair aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna má bhíonn a leithéid i gceist.

([11]) Déanfar na chéad chéimeanna eile a chinneadh tráth níos faide anonn.